# Cineálacha Clisteachta: Féinmheasúnú

Léigh gach ráiteas, ansin roghnaigh go tapa an bhfuil siad **fíor** nó **bréagach**. Ná déan dianmhachnamh air – roghnaigh an chéad smaoineamh a ritheann leat.

| Éirim Chorp-Chinéistéiseach (Clisteacht Coirp) | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Bainim úsáid as mo lámha go minic agus mé ag caint | ☐ | ☐ |
| Imrím ar a laghad spórt amháin go rialta i mo chuid ama saor | ☐ | ☐ |
| Is deacair dom é suí go socair ar feadh tréimhsí fada ama | ☐ | ☐ |
| Is maith liom a bheith ag obair le mo lámha ar rudaí praiticiúla | ☐ | ☐ |
| Tagann na smaointe is fearr chugam agus mé amuigh ag siúl nó gníomhach ar bhealach éigin | ☐ | ☐ |
| Is maith liom mo chuid ama saor a chaitheamh lasmuigh | ☐ | ☐ |
| Caithfidh mé mo láimh a chur ar rud chun foghlaim ina thaobh | ☐ | ☐ |
| Bainim taitneamh as marcaíocht siamsaíochta agus eispéiris fhisiciúla eile atá fuinniúil | ☐ | ☐ |
| Is duine réasúnta comhordaithe mé | ☐ | ☐ |
| Is fearr liom scil nua a fhoghlaim tríd í a chleachtadh, seachas léamh ina thaobh | ☐ | ☐ |

**Iomlán inar fhreagair tú fíor = ____ / 10**

| Éirim Bhriathartha-Theangeolaíoch (Clisteacht Focal) | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Tá leabhair an-tábhachtach dom | ☐ | ☐ |
| Is féidir liom focail a chlos i m'aigne sula léim nó sula ndeirim nó sula scríobhaim iad | ☐ | ☐ |
| Bainim níos mó tairbhe as éisteacht le podchraoltaí ná le scannáin/leis an teilifís | ☐ | ☐ |
| Tá mé go maith ag cluichí ar nós Scrabble agus crosfhocail | ☐ | ☐ |
| Bainim taitneamh as siamsaíocht a chur ar fáil do dhaoine eile le rabhlóga nó le himeartas focal | ☐ | ☐ |
| Uaireanta, fiafraíonn daoine eile dom na focail a úsáidim agus mé ag scríobh nó ag léamh a mhíniú | ☐ | ☐ |
| Is fusa dom Béarla agus Stair ná Mata agus Eolaíocht | ☐ | ☐ |

| | | |
|---|---|---|
| Nuair a bhím lasmuigh, tugaim na focail ar fhógraí ar stadanna bus agus ar fhoirgnimh faoi deara níos mó ná na radhairc | ☐ | ☐ |
| Is minic a labhraím faoi rudaí atá léite nó cloiste agam | ☐ | ☐ |
| Scríobh mé rud le déanaí a raibh mé bródúil as, nó ar mhol daoine eile | ☐ | ☐ |

**Iomlán inar fhreagair tú fíor = ____ / 10**

| Éirim Idirphearsanta (Clisteacht Daoine) | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Tagann daoine chugam go minic ag lorg comhairle | ☐ | ☐ |
| Is fearr liom spóirt a imrítear le grúpa (m.sh eitpheil) ná spóirt a imrítear i d'aonar (m.sh snámh nó rith) | ☐ | ☐ |
| Má tá fadhb agam, lorgóidh mé cabhair agus ní dhéanfaidh mé iarracht é a réiteach mé féin | ☐ | ☐ |
| Tá ar a laghad triúr dlúthchara agam | ☐ | ☐ |
| Is maith liom cluichí/gníomhaíochtaí le grúpaí seachas cinn i m'aonar | ☐ | ☐ |
| Bainim taitneamh as an dúshlán mo chuid eolais a mhúineadh nó a léiriú do dhaoine eile | ☐ | ☐ |
| Ceapaim gur ceannaire mé, nó tá sé ráite ag daoine eile gur ceannaire mé | ☐ | ☐ |
| Braithim compordach i lár slua | ☐ | ☐ |
| Is maith liom a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí sóisialta a bhaineann le mo scoil, mo chlub nó mo phobal | ☐ | ☐ |
| Istoíche, is fearr liom a bheith le grúpa ná i m'aonar ag baile | ☐ | ☐ |

**Iomlán inar fhreagair tú fíor = ____ / 10**

| Éirim Inphearsanta (Féinchlisteacht) | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Is maith liom am a chaitheamh i m'aonar, ag smaoineamh fúm féin | ☐ | ☐ |
| Is maith liom ranganna a chabhraíonn liom breis a fhoghlaim fúm féin | ☐ | ☐ |
| Tá tuairimí agam a dhealaíonn ó dhaoine eile mé | ☐ | ☐ |

| | | |
|---|---|---|
| Tá caitheamh aimseartha/ábhar suime speisialta agam a choinním chugam féin | ☐ | ☐ |
| Tá spriocanna tábhachtacha agam do mo shaol ar a smaoiním go minic | ☐ | ☐ |
| Tá tuairim mhaith agam ar mo láidreachtaí agus ar mo laigí | ☐ | ☐ |
| B'fhearr liom deireadh seachtaine a chaitheamh i m'aonar, seachas le grúpa daoine | ☐ | ☐ |
| Ceapaim gur duine diongbháilte agus neamhspleách mé | ☐ | ☐ |
| Tá dialann agam chun imeachtaí mo shaoil a thaifead | ☐ | ☐ |
| Ba mhaith liom a bheith féinfhostaithe | ☐ | ☐ |

**Iomlán inar fhreagair tú fíor = ____ / 10**

| **Éirim an Cheoil (Clisteacht Fuaime)** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Tá guth maith agam | ☐ | ☐ |
| Aithním nuair a chanann duine as gléas nó as tiúin | ☐ | ☐ |
| Caithim mórán ama ag éisteacht le ceol | ☐ | ☐ |
| Seinnim uirlis cheoil | ☐ | ☐ |
| Ní bheadh mo shaol chomh maith céanna gan cheol | ☐ | ☐ |
| Is minic a bhíonn ceol i mo cheann is mé ag siúl nó ag staidéar | ☐ | ☐ |
| Is féidir liom rithim cheoil a choimeád le drumaí nó maidí | ☐ | ☐ |
| Tá foinn go leor amhrán agus píosaí ceoil ar eolas agam | ☐ | ☐ |
| Is féidir liom píosa ceoil a chanadh má chloisim uair nó dhó é | ☐ | ☐ |
| Is minic a chanaim nó a bhuailim mo chos leis an gceol agus mé ag staidéar nó ag obair | ☐ | ☐ |

**Iomlán inar fhreagair tú fíor = ____ / 10**

| **Éirim Amharcspásúil (Clisteacht Íomhá)** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Is minic a fheicim íomhánna soiléire nuair a dhúnaim mo shúile | ☐ | ☐ |

| | | |
|---|---|---|
| Tá mé dathmhothálach | ☐ | ☐ |
| Is maith liom an ceamara ar m'fhón a úsáid chun taifead a dhéanamh ar a bhfuil timpeall orm | ☐ | ☐ |
| Bainim taitneamh as míreanna mearaí a dhéanamh, mo shlí a dhéanamh timpeall ar lúbraí, nó fadhbanna físiúla a réiteach | ☐ | ☐ |
| Bíonn taibhrimh shoiléire agam istoíche ghnáth | ☐ | ☐ |
| Is féidir liom mo shlí a dhéanamh timpeall ar áiteanna nach bhfuil eolas maith agam orthu | ☐ | ☐ |
| Is maith liom pictiúir a tharraingt nó a bheith ag breacadaíl | ☐ | ☐ |
| Is fusa dom céimseata ná ailgéabar | ☐ | ☐ |
| Is féidir liom a shamhlú cén chuma a bheadh ar rud dá mbeinn díreach os a chionn | ☐ | ☐ |
| Is fearr liom úrscéalta grafacha agus greannáin ná leabhair le téacs amháin | ☐ | ☐ |

**Iomlán inar fhreagair tú fíor = ____ / 10**

| **Éirim Loighciúil-Mhatamaiticiúil (Clisteacht Loighciúil)** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Is féidir liom uimhreacha a shuimiú agus a dhealú i m'aigne go héasca | ☐ | ☐ |
| Is iad Mata agus Eolaíocht na hábhair is fearr liom | ☐ | ☐ |
| Is maith liom cluichí a imirt/fadhbanna a réiteach a bhfuil gá smaoineamh go loighciúil fúthu | ☐ | ☐ |
| Is maith liom turgnaimh bheaga "cuir i gcás..." a chruthú (m.sh "cuir i gcás dá n-ólfainn dhá oiread an méid uisce i lá amháin") | ☐ | ☐ |
| Bím i gcónaí ag faire amach do phatrúin agus ord loighciúil i rudaí | ☐ | ☐ |
| Tá suim agam sna forbairtí is déanaí i gcúrsaí eolaíochta | ☐ | ☐ |
| Creidim go bhfuil míniú eolaíoch nó loighciúil ag baint le gach rud | ☐ | ☐ |
| Uaireanta, tagann smaointe chugam atá soiléir, gan focal agus gan íomhá | ☐ | ☐ |
| Tugaim faoi deara é nuair a deir daoine rudaí nach bhfuil loighciúil | ☐ | ☐ |
| Is maith liom nuair atá rudaí tomhaiste, anailís déanta orthu | ☐ | ☐ |

| | | |
|---|---|---|
| agus iad curtha i gcatagóirí | | |

**Iomlán inar fhreagair tú fíor = ____ / 10**

| **Éirim Nádúraíoch (Clisteacht Nádúir)** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Is maith liom dul ar shiúlóidí faoin tuath | ☐ | ☐ |
| Is maith liom garraíodóireacht nó a bheith ag fás plandaí/bláthanna | ☐ | ☐ |
| Is maith liom am a chaitheamh ag foghlaim ainmneacha na bplandaí agus na gcrann atá timpeall orm | ☐ | ☐ |
| Is breá liom an chuid bhitheolaíochta den eolaíocht | ☐ | ☐ |
| Féachaim ar chláir nádúir nuair a fhaighim seans | ☐ | ☐ |
| Tuigim fadhbanna timpeallachta ar nós athrú aeráide agus caillteanas bithéagsúlachta | ☐ | ☐ |
| Nuair a bhím ag siúl, stopaim chun féachaint ar na carraigeacha, ar na crainn agus ar na bláthanna fiáine | ☐ | ☐ |
| Aithním agus is féidir liom cineálacha éagsúla gluaisteán a idirdhealú | ☐ | ☐ |
| Nuair a bhím ag cócaireacht, déanaim iarracht comhábhair úr agus nádúrtha a úsáid | ☐ | ☐ |
| Creidim gur chóir do gach garraíodóir carn múirín a bheith acu | ☐ | ☐ |

**Iomlán inar fhreagair tú fíor = ____ / 10**

**Seiceáil na freagraí leis na scóir is airde chun an cineál clisteachta atá agat a fhoghlaim!**